# Próiseas an Teagaisc, an Fhoghlama agus an Mheasúnaithe


Tá an próiseas machnaimh seo maidir le Foghlaim, Teagasc agus Measúnú ceaptha chun tacú le múinteoirí agus iad ag ullmhú eispéiris éifeachtacha foghlama agus teagaisc. Is próiseas é ar féidir le gach múinteoir é a úsáid – múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta, agus múinteoirí i ranganna speisialta – chun timpeallacht fhoghlama chuimsitheach a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais gach páiste.

Is féidir le múinteoirí dul i ngleic le leideanna machnaimh go leanúnach – roimh, le linn, agus i ndiaidh an teagaisc – chun machnamh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag a roghanna oideolaíocha ar fhoghlaim agus ar rannpháirtíocht na bpáistí leis na gnéithe. Féadfaidh múinteoirí an próiseas seo a úsáid freisin chun páistí a aithint a d'fhéadfadh tacaíocht bhreise a bheith de dhíth orthu agus a bhainfeadh leas as idirghabhálacha cuí.

Tá an próiseas seo ailínithe leis an gContanam Tacaíochta do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu, rud a chuidíonn le múinteoirí a chinntiú go bhfuil gach páiste in ann páirt a ghlacadh, dul chun cinn a dhéanamh, agus éirí leo.


## Chun tuilleadh eolais a fháil, déan tagairt do…









Oide

# Foghlaim, Teagasc & Measúnú

## 1
Cad é an tuiscint ata ag na páistí faoi láthair i leith an Toradh Foghlama seo (TF)

An bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil do chách/ do chuid/ nó do bheagán?

Conas a úsáidfidh mé measúnú chun pictiúr soiléir a fháil dá gcumas matamaiticiúil a fhobairt?

Cad atá ar eolas agam faoi na páistí agus faoina bhfoghlaim roimhe seo i ndáil leis an TF seo?

## 2
Cad é an chéad chéim eile ina bhfoghlaim?

Cad a bheidh mar fhócas don bhfoghlaim nua?

Cad iad na hacmhainní i dTacar Uirlisí an NCCA a thacóidh liom?

Má tá tacaíocht bhreise ag teastáil do chuid/do bheagán, an léirítear é seo i bPleananna Tacaíócta an pháiste (SSP)

## 3
Conas a thacóidh mé le dul chun cinn an pháiste ina bhfoghlaim?

Cé na heispéiris foghlama a chuirfidh páistí ag gabháil go gníomhach, a thabharfaidh dúshlán cuí dóibh agus a choinneoidh iad spreagtha?

Cé na Cleachtais Oideolaíocha is éifeachtaí don fhoghlaim?

Conas a rachaidh páistí i ngleic leis na gnéithe ón CBM (lch 25)?

An mbainfidh páistí leas as tacaíocht sa rang, i ngrúpa beag nó tacaíocht aonair?

## 4
Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil dul chun cinn déanta ag na páistí?

Conas a léireoidh páistí a bhfoghlaim?

An bhfuil deiseanna ann do pháistí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin?

Conas a dhéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le fócas na foghlama nua/(SSP)?

## 5
Machnamh & Athbhreithniú

Cad a d'éirigh go maith?

Cad a d'fhéadfainn a dhéanamh ar bhealach eile an chéad uair eile?

Conas a chuirfidh sé seo ar an eolas mé faoi na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim agus i dteagasc?

I gcás páistí a bhfuil deacrachtaí acu, conas a thacóidh mé go breise lena bhfoghlaim?